# RABHADH

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

## TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL


## ROINN 1 – FILLTEÁN

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

**N.B. TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH.**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Ní mór **GACH** ceist a fhreagairt.
Tá rogha agat **LAISTIGH de 4 cheist**.
Déan deimhin de go dtugann tú an fillteán seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna.

## 1. CREATHANNA TALÚN




Is é a thugtar ar an bpointe ar dhromchla an domhain atá díreach os cionn fócas na creatha talún, a thaispeántar ag X, ná an:


Forlár ☐

Seismeagraf ☐

Tonn Turrainge ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 2. SCREAMH AN DOMHAIN Á CUMADH – BOLCÁIN




Is é a thugtar ar an limistéar scáthlínithe  a thaispeántar ar an léarscáil seo, ó X1 go X2, ná:

Iomaire an Atlantaigh Láir ☐


Fáinne Tine an Aigéin Chiúin ☐

Sreabh laibhe ☐

Réigiún fuar ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 3. AN DOMHAN ÓN SPÁS




(*Foinse: www.triplespark.net/render/img/earth*)

Féach ar íomhá seo an Domhain ón spás.
Is í an mhór-roinn le X uirthi ná:

| | |
|---|---|
| Meiriceá Theas | ☐ |
| An Áise | ☐ |
| An Afraic | ☐ |
| An Astráil | ☐ |

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**THALL →**

**4.** **SÍONCHAITHEAMH**

Tugtar scileach ar an gcarraig scaoilte a thaispeántar san fhótagraf seo. Is é is cúis leis ná:




Síonchaitheamh meicniúil ☐

Sil-leagan abhann ☐

Síonchaitheamh ceimiceach ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**5.** **OLLGHLUAISEACHT**




Is é an cineál ollghluaiseachta a thaispeántar sa léaráid thuas ná:

Sciorradh talún ☐

Maidhm shneachta ☐

Ithirthéaltú ☐

Sleamhnú láibe ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**6.** **CARRAIGEACHA**

Tá colúin Bhasailt ag Clochán na bhFomhórach i gCo. Aontroma.
Cén cineál carraige é Basalt?

Carraig Dhríodair ☐

Carraig Mheiteamorfach ☐

Bruthcharraig ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**7.** **GNÉITHE ABHANN**




Taispeántar gné abhann san fhótagraf seo agus í marcáilte le X.
Is é a thugtar uirthi ná:

Deilt ☐

Lúbloch ☐

Eas ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**THALL →**

**8.** **Freagair 8A NÓ 8B**

## 8A. GNÉITHE CÓSTA

Taispeántar gné shil-leagan cósta san fhótagraf seo agus í marcáilte le **X**.
Is é a thugtar uirthi ná:

Staic mhara ☐

Deilt ☐

Tombolo ☐


[cuir tic ✓sa bhosca ceart]




**NÓ**

## 8B. OIGHRIÚCHÁN

Is le sil-leagan oighreach a chruthaítear an ghné a thaispeántar sa léaráid.




Is é a thugtar uirthi ná:

Droimnín ☐

Sprémhá ☐


Coire (soirc) ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**9.** **Freagair 9A NÓ 9B**

## 9A. FEACHTANNA AIGÉIN

Tá tionchar ag an bhFeacht Aigéin, a bhfuil X air, ar aimsir na hÉireann.




Is é a thugtar air ná:

Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh ☐

Feacht na gCanárach ☐

An Feacht Meánchriosach Thuaidh ☐

Feacht Labradar ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**NÓ**

## 9B. AN STAISIÚN AIMSIRE

Tomhaistear taitneamh na gréine leis an uirlis aimsire a thaispeántar san fhótagraf seo.
Is é a thugtar air ná:



Ainéimiméadar ☐

Scáthlán Stevenson ☐

Eite ghaoithe ☐


Taifeadán Campbell Stokes ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**THALL →**

**10.** **Freagair 10A NÓ 10B**

**10A. TREO**




Cé acu **treo** a mbeifeá ag taisteal dá rachfá ó Bhéal Feirste go Luimneach?

Ón Iarthar Thuaidh go dtí an tIarthar Theas ☐

Ón Iarthar Thuaidh go dtí an tOirthear Theas ☐


Ón Oirthear Thuaidh go dtí an tIarthar Theas ☐

Ón Tuaisceart go dtí an Deisceart ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

# NÓ

**10B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA**




Tá cáil ar Na Cealla Beaga, mar is ann atá:

Ionad saoire ☐

Calafort iascaireachta ☐

Monarcha mhór cheimiceán ☐

Móinstáisiún cumhachta ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**11.** **Freagair 11A NÓ 11B**

**11A. FÁS an DAONRA**

Déan staidéar ar an ngraf.

Meastar gurb é a bheidh de dhaonra ar domhan in 2050 ná:


2 bhilliún duine ☐

10 mbilliún duine ☐

11 bhilliún duine ☐

6 bhilliún duine ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]




*(Foinse: In oiriúint ó na Náisiúin Aontaithe)*

## NÓ

**11B. FÁSRA NÁDÚRTHA AGUS AERÁID**

Cé acu réigiún / limistéar aeráide a mbeifeá ag súil leis go bhfaighfeá an cineál fásra a thaispeántar san fhótagraf ann?

Foraois bháistí mheánchriosach ☐

Meánmhuirí ☐

Fásach te ☐

Foraois bhuaircíneach ☐


[cuir tic ✓sa bhosca ceart]



**THALL →**

## 12. ACMHAINNÍ

Tá na hacmhainní nádúrtha a thaispeántar san fhótagraf seo:




Neamh-inathnuaite ☐

Inathnuaite ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 13. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA




Soláthraíonn héileacaptair Gharda Chósta na hÉireann, mar atá san fhótagraf, seirbhís.

Is sampla é seo:

De Ghníomhaíocht Phríomhúil ☐


De Ghníomhaíocht Thánaisteach ☐

De Ghníomhaíocht Threasach ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 14. SUÍMH AR LÉARSCÁIL SRÁIDE

Sa leárscáil seo taispeántar ceantar i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath.




(*Foinse: www.softguide.com/dublin)*

Féach ar an léarscáil thuas agus ansin cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis thíos.

Sa taobh **thoir theas** den cheantar taispeánann *an Chanáil (the canal) / an t-iarnród (the railway)* feidhm iompair a bhí ag Baile Átha Cliath san am atá thart.

Is sampla d'fheidhm chaitheamh aimsire é, an pháirc ag *Merrion Square / St. Stephen's Green* sa taobh **thoir thuaidh** den cheantar.

Ar imeall **thuaidh** na léarscáile, is fianaise é *an Leabharlann (Library) / Coláiste na hOllscoile (University College)* ar fheidhm oideachais.

**THALL →**

## 15. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH

Tá plódcheantair ar imeall na gcathracha i dtíortha i mbéal forbartha, ina dtógtar tithe go minic as bileoga plaistigh agus as seanphíosaí adhmaid agus miotail.

Is é a thugtar ar na plódcheantair seo ná:

Meathlú uirbeach ☐

Athnuachan uirbeach ☐

Bailte seantán ☐

Athfhorbairt uirbeach ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 16. GRÉASÁIN LONNAÍOCHTA

Féach go cúramach ar an sliocht seo as léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.


Tá an cineál patrún lonnaíochta a thaispeántar laistigh den dronuilleog dhearg:

Scaipthe ☐

Cnuasach ☐

Líneach ☐


[cuir tic ✓sa bhosca ceart]




*(Foinse: OSi Trailmaster©. Scála 1:10,000)*

**17. STAITISTICÍ**

Sa phíchairt seo taispeántar na céatadáin do chineálacha tithe i mbailte móra agus i gcathracha na hÉireann.




*(Foinse: In oiriúint as "Staitisticí Tithíochta", An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2009)*

Cad é an céatadán d'árasáin?

27% ☐

12% ☐

21% ☐

10% ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

THALL →

**18. TAGAIRTÍ EANGAÍ**

Féach ar Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Is é an Seaniarsma ag tagairt eangaí **S419 196** ná:

Cloch Oghaim ☐

Reilig ☐

Tuama Meigiliteach ☐

Caisleán ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

**19. TAGAIRTÍ EANGAÍ**

Féach ar Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Cad í an tagairt Eangaí d'Oifig an Phoist
i gCarraig na Siúire?




S 40 22 ☐

S 29 21 ☐

S 21 39 ☐

S 39 21 ☐

[cuir tic ✓sa bhosca ceart]

## 20. DOMHAN ÉAGOTHROM



(*Foinse: Trócaire*)

Tá a dteach cónaithe caillte ag na paistí san fhótagraf seo de bharr cogaidh in Darfur sa tSúdáin. Beidh ocras agus gorta rompu anois.

Féach ar an bhfótagraf agus ar an eolas thuas.

Taispeáin, le tic sa bhosca, cé acu a bhfuil gach ceann de na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH**.

| RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| An chéad chineál cúnaimh a theastaíonn uathu ná Cúnamh Éigeandála chun fothain agus bia a sholáthar. | | |
| Is é a thugtar ar Chúnamh, a sholáthraíonn Rialtas na hÉireann do rialtas na tíre sin, ná Cúnamh Iltaobhach. | | |
| Is Eagraíocht Neamhrialtasach (*NGO i mBéarla)* í Trócaire. | | |

# Leathanach Bán